Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Samhain 2022
(OR. en)

14668/22
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach: 2022/0032(COD)**

COMPET 885
IND 466
RC 57
RECH 595
TELECOM 454
FIN 1212
CADREFIN 197
CODEC 1730

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14454/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6170/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Rialachán lena mbunaítear creat beart chun éiceachóras leathsheoltóirí na hEorpa a neartú (an Gníomh Eorpach um Shliseanna)<br>*-Cur chuige ginearálta*<br>*= Ráiteas ón gComhairle* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an ráiteas thuasluaite, a chuirfear i gceangal le miontuairiscí na Comhairle.

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE**

Tacaíonn an Chomhairle le cuspóirí polaitiúla an Ghnímh um Shliseanna agus is mian léi leibhéal uaillmhéine airgeadais an togra a choinneáil. San am céanna, athdhearbhaíonn an Chomhairle a tiomantas don Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le hathúsáid na gcistí saortha i ndáil leis an gclár taighde[1] a mhéid a bhaineann leis an teorainn EUR 0.5 billiún sa tréimhse 2021-2027 chun na cistí saortha sin a chur ar fáil arís chun leas an chláir taighde.

Chun an buiséad foriomlán de EUR 3.3 billiún ar foráladh dó a choinneáil, iarrtar ar an gCoimisiún tacú leis an gcomhairle agus í ag féachaint ar réitigh mhalartacha a d'fhéadfaí a phlé le linn na caibidlíochta tríthaobhaí a bheidh ann amach anseo le Parlaimint na hEorpa, agus sainchumais an Údaráis Bhuiséadaigh á n-urramú ag an am céanna. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart ranníocaíocht Fís Eorpach le buiséad an Ghnímh um Shliseanna a choinneáil ag EUR 1.65 billiún.

Meabhraítear don Chomhairle freisin an ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le maoiniú an Ghnímh Eorpaigh um Shliseanna agus an Chláir um Nascacht Spáis Shlán, a ghlac an Coiste Idir-réitigh an 23 Samhain 2022[2].

---

[1] IO C 444 I, 22.12.2020, lch. 3.
[2] [IO xxxxx]